



An Láirionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2016

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

**Is é atá san achoimre seo ná sampla beag de na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain 2016. Dá bhrí sin, ní phléitear inti le raon iomlán éachtaí ECDC sa bhliain 2016.**

**Is sa leagan iomlán den Tuarascáil Bhliantúil atá forbhreachnú mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin agus ar a phlean oibre.**

<https://ecdc.europa.eu/sites/portal/files/documents/annual-report-director-2016.pdf/>

Lua molta:

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2016: Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra. Stócólm: ECDC; 2017.

ISBN 978-92-9498-130-1

ISSN 2529-6191

doi 10.2900/435799

Catalogue number TQ-AX-17-001-GA-N

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2017

Gach pictiúr © ECDC, seachas iStock: an clúdach tosaigh (lár), leathanach 4 (barr ar dheis), leathanach 6 (bun); NIH 3D Print Exchange, Institiúidí Náisiúnta Sláinte: leathanach 24 (barr ar chlé)

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Grianghraif faoi chóipcheart a úsáidtear san fhoilseachán seo, ní féidir iad a úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead sainráite ó shealbhóir an chóipchirt.

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2016

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

## Clár Ábhar

Brollach .....	5
Réamhrá .....	5
Galair thógálacha a rianú .....	7
Sláinte na hEorpa a chosaint – Cláir ECDC um ghalair .....	8
Clár ARHA: frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte .....	9
Clár EVD: galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha .....	11
Clár FWD: galair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus zónóisí .....	13
Clár HSH: VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach .....	15
Clár IRV: fliú agus víris eile riospráide .....	17
Clár TB: eitinn .....	19
Clár VPD: galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú .....	21
Cumarsáid agus oiliúint: nuacht a scaipeadh agus eolas a chomhroinnt .....	23
Súil ghéar á coinneáil: faireachas ar ghalair .....	25
ECDC de réir na bhfigiúirí .....	26

# EUROPEAN ANTIBIOTIC AWARENESS DAY

A EUROPEAN HEALTH INITIATIVE

18





## Brollach ón gCathaoirleach ar an mBord Bainistíochta

Bhí dhá mhóirimeacht ann sa bhliain 2016 ar thug ECDC tacaíocht don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit den Aontas Eorpach ina leith. Bhíothas fóirbhúioch den tacaíocht sin.

Ar an gcéad dul síos, ba mar thoradh ar ráig thobann víreas Zika a bhí ar ECDC faireachán a dhéanamh ar ghalair, measúnuithe riosca a dhéanamh agus ábhair ullmhachta a fhorbairt.

Ar an dara dul síos, braitheadh mór-ráig salmanallóise i roinnt tíortha, a bhí le prótacail chaighdeánacha nua a tugadh isteach le haghaidh seicheamhú géanóim iomláin. Léirigh sé sin an athuair cé chomh hábhartha agus atá an seicheamhú géanóim iomláin le haghaidh faireachas a dhéanamh ar ghalair. Rinne an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit na frithbhearta glactha a chur chun feidhme go tapa. Ar an mbealach sin, chuir siad leis an tsalmanallóis a laghdú go suntasach san Eoraip.

Sa bhliain 2016, lean an Bord Bainistíochta le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ón mBord bunaithe ar an meastóireacht sheachtrach a rinneadh sa bhliain 2015 ar obair ECDC. Neartófar an Lárionad tuilleadh sna blianta atá le teacht ach na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le Tiiu Aro, ár nIar-Leas-Chathaoirleach, as an obair dhíograiseach atá déanta aici le ceithre bliana anuas. Toghadh Anni-Riitta Virolainen-Julkunen mar Leas-Chathaoirleach nua ar an mBord Bainistíochta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Andrea Ammon. Le dhá bhliain anuas, tá sí ag treorú an Lárionaid go rathúil agus ag cinntiú gur ag teacht leis na hionchais agus ag sárú na n-ionchas atá aschur an Lárionaid. Fianaise ar a ceannaireacht bhreá atá sna torthaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

*Daniel Reynders  
Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta ECDC  
24 Feabhra 2017*

*Barr ar chlé agus bun: Tá an Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach arna reáchtáil ag ECDC ar siúl le naoi mbliana anuas. Bronnadh an Gradam Sláinte Eorpach ar an Tionscadal sa bhliain 2016.*

*Barr láir: Misean measúnaithe sláinte poiblí an Aontais Eorpaigh chuig Angóla: chuaigh ECDC i bpáirt le foireann saineolaithe liachta agus sláinte poiblí faoin gCór Liachta Eorpach. Rinne sé amhlaidh i gcomhaontú le Rialtas Angóla agus i ndlúthchomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.*



## Réamhrá ón Stiúrthóir

Bliain ghnóthach eile do ECDC a bhí sa bhliain 2016. Thug sé tacaíocht eolaíoch agus theicniúil don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit ar fud na bliana. Mar shampla, d'fhreagair ECDC do 41 iarraidh fhoirmiúla ón gCoimisiún le linn na bliana. Ba iad Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a chuir 19 gcinn de na hiarrataí sin ar aghaidh.

Ba ar ráig víreas Zika a bhí ar ár n-eolaithe díriú ar fud na bliana 2016. D'eisigh ECDC roinnt measúnuithe riosca ar víreas Zika. Chomh maith leis sin, chuaigh sé i bpáirt leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus leis na Lárionaid um Ghalair a Chosc agus a Rialú sna Stáit Aontaithe, d'eisigh sé sainmhíniú cáis ar ionfhabhtú víreas Zika agus rinne sé athbheithniú ar bhearta rialaithe muiscít.

Céim shuntasach i dtreo an aistrithe chuig foirgneamh nua ba ea síniú an léasa. Ina theannta sin, thugamar clár oibre ECDC don bhliain 2017 agus don bhliain 2018 chun críche, rinneamar measúnú ar chosc galar teagmhálach san Aontas Eorpach agus rinneamar meastóireacht ar bhonneagar micribhitheolaíochta na hEorpa. Anuas air sin, d'iniúchamar na cúiseanna leis an drogall atá ann vacsaíniú a fháil agus d'oibríomar ar straitéisí um vacsaíniú ar feadh an tsaol.

Gné thábhachtach d'obair ECDC is ea measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a thiofadh epidéim chun cinn de dheasca ráigeanna galair laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de araon. Is é sin an fáth ar ghlac ECDC páirt sa chéad mhisean den Chór Liachta Eorpach nuabhunaithe. Ba é a bhí i gceist leis an misean sin gur thaitil saineolaithe de chuid ECDC chuig Angóla i mí na Bealtaine 2016 chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag ráig an fhiabhrais bhuí in Angóla ar shaoránaigh an Aontais Eorpaigh.

Chuaigh mé i seilbh oifige mar Stiúrthóir Gníomhach ar ECDC geall le dhá bhliain ó shin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord Bainistíochta agus leis an bhFóram Comhairleach as an iontaoibh atá acu asam agus as an gcomhairle ríthábhachtach agus an tacaíocht sheasmhach a thugann siad don Lárionad.

*Andrea Ammon,  
Stiúrthóir Gníomhach ECDC  
27 Feabhra 2017*





# Galair thógálacha a rianú

Cuireadh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) ar bun sa bhliain 2005 agus tá sé lonnaithe i Stócólm, an tSualainn. Is í an ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach as cosaintí na hEorpa in aghaidh galair thógálacha a neartú í. Déanann ECDC sainaitheint agus measúnú ar bhagairtí reatha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine de bharr galair thógálacha agus cuireann sé faisnéis ar fáil faoi na bagairtí sin. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé leis na Ballstáit den Aontas Eorpach maidir lena n-ullmhacht agus lena bhfreagairt do bhagairtí den sórt sin. Cuireann an Lárionad comhairle eolaíoch ar fáil do na Ballstáit den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus is foinse iontaoifa faisnéise agus acmhainní é i ngach réimse a bhaineann le sláinte phoiblí.

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 260 ball foirne buan ag ECDC, agus iad ag gabháil do na cúraimí seo a leanas: faireachas ar ghalair, ráigeanna a bhrath, comhairle eolaíoch a thabhairt, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, agus riarachán.

Bhí croibhúiséad EUR 58.36 milliún ag ECDC sa bhliain 2016.

## Faireachas ar ghalair

Ceann de na príomhláidreachtáí atá ag ECDC is ea an cumas atá aige freagairt go tapa d'eipidéimeolaíocht athraitheach na ngalar tógálach. Déanann ECDC trí chóras a fheidhmiú agus a chothabháil. Tá gach ceann díobh riachtanach maidir le gné shonrach amháin de rialú galar, mar a leanas: EWRS (foláirimh maidir le bagairt a bhrath), EPIS (faisnéis eipidéime), agus TESSy (faireachas ar ghalair).

Córas faoi rún is ea an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS) trínar féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt agus foláirimh a sheoladh maidir le himeachtaí sláinte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Aontas Eorpach. Is tríd an gcóras sin freisin is féidir leo comhordú a dhéanamh ar na bearta freagartha a theastaíonn chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Táthar ag úsáid an chórais go rathúil ó bhí an bhliain 1998 ann. Tá ECDC nasctha leis an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha ó mhí Aibreáin 2005 i leith. Nuair a bhíodas ag déileáil le ráig víreas Zika sa bhliain 2016, léiríodh an athuair cé chomh tábhachtach agus atá an córas.

Is é is an Córas Faisnéise Eipidéime (EPIS) ann ná ardán slán Gréasánbhunaithe cumarsáide trínar féidir faisnéis eipidéimeolaíochta a bhféadfaí ráigeanna galair thógálaigh a léiriú inti a mhalartú idir tíortha.

Is córas bunachair shonraí an-solúbtha é an Córas Eorpach Faireachais (TESSy) le haghaidh sonraí maidir le galair a chruinniú. Déanann aon tír is tríocha den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch sonraí maidir le galair thógálacha a thuairisciú do TESSy ar bhonn rialta. Ar na bealaí a úsáidtear na sonraí táirgtear tuarascálacha faireachais agus *Atlas Faireachais ECDC maidir le Galair Thógálacha*. Is atlas idirghníomhach é sin.

Ina theannta sin, tacaíonn ECDC le hobair an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát ar Choiste Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú gurb ann do shreabhadh leanúnach faisnéise maidir leis na forbairtí is déanaí agus chun sioncronú a dhéanamh ar bhearta sláinte poiblí.

*Barr ar chlé: Pléann othar eitinne gan dídean a X-gha le hoibrí sláinte pobail i bPáras, an Fhrainc. Ó chás-staidéir ECDC ar idirghabhálacha chun an eitinn a bhainistiú i ngrúpaí leochaileacha.*

*Barr láir: Thug Kateřina Konečná (GUE/NGL, Poblacht na Seice) cuairt ar an Lárionad an 14 Meitheamh 2016. Tá sí ar oifigeach idirchaidrimh ECDC leis an gCoiste um an gComhshaoil, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia de chuid Pharlaimint na hEorpa.*

*Barr ar dheis: An Lárionad Oibríochtaí Éigeandála, ECDC*


*Lár ar dheis: Buaileann Josep Jansa, saineolaí de chuid ECDC, le hoibríthe sláinte poiblí in Angóla*

*Bun: Béile fola á ithe ag muiscít thíograch*

# Growing resistance to last-line antibiotics




Carbapenems are a major last-line class of antibiotics to treat bacterial infections. The spread of carbapenem-resistant infections is a threat to healthcare and patient safety in Europe as it seriously curtails the ability to cure infections.

Each year, 30 EU/EEA countries report data on antimicrobial resistance to the European Antimicrobial Resistance Surveillance Network (EARS-Net) and on antimicrobial consumption to the European Surveillance of Antimicrobial Consumption network (ESAC-Net). Both networks are hosted at ECDC. For the first time, 18 countries reported data on *Acinetobacter* spp. to EARS-Net. In addition, experts in 38 European countries participated in the European Survey on Carbapenemase-Producing *Enterobacteriaceae* (EuSCAPE) done for ECDC by the University Medical Centre Groningen, in the Netherlands.



Carbapenemase-producing *Acinetobacter baumannii* (CRAB)

Carbapenem-resistant *Enterobacteriaceae* (CPE)



**13/38**  
countries reported an **uncertain** stage

**25/38**  
countries reported a **certain** stage



# Sláinte na hEorpa a chosaint – Cláir ECDC um ghalair

## Clár ARHAÍ:

### frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte

De réir staidéar a rinne eolaithe ECDC sa bhliain 2016, is ualach ollmhór san Eoraip é ualach na n-ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte. Dar leis an staidéar, is airde ualach comhcheangailte sláinte na sé chineál is leitheadúla d'ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte ná ualach iomlán an 32 ghalar theagmhálacha a cuireadh ar áireamh i staidéar BCoDE. Ba staidéar é sin a rinne ECDC ar *Ualach na nGalar Teagmhálach san Eoraip, 2009-2013*.

Rud eile a foilsíodh sa bhliain 2016 ba ea an suirbhé ionchasach Eorpach a rinne ECDC ar charbaipeineimfhriotaíoch Enterobacteriaceae. Bhí an suirbhé bunaithe ar shonraí ó 455 ospidéal i 36 thír agus léiríodh ann go raibh ionfhabhtú carbaipeineimfhriotaíoch *K. pneumoniae* nó *E. coli* ar 1.3 othar ar an meán in aghaidh gach 10 000 othar a ligeadh isteach san ospidéal.

Sa bhliain 2016, mhéadaigh ECDC a eolaire acmhainní ar líne a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh ábhar

frithmhiocróbach agus ionfhabhtuithe atá bainteach le cúram sláinte a chosc agus a rialú, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar an dóigh a gcomhroinntear dea-chleachtais.

Ghlac níos mó ná 40 tír ar fud na hEorpa páirt sa Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach an 18 Samhain. Ceiliúradh an Lá trí imeachtaí náisiúnta a chur ar siúl. Reáchtáladh feachtas maidir le húsáid stuama antaibheathach i dtíortha AE mar thaca leis. An 28 Meán Fómhair, bronnadh an Gradam Sláinte Eorpach ar EAAD ag Fóram Sláinte Eorpach Gastein. Is gradam mór le rá é.

Lean ECDC le páirt ghníomhach a ghlacadh in TATFAR, an Tascfhórsa Trasatlantach um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach. Bunaíodh an Tascfhórsa sa bhliain 2009 chun feabhas a chur ar an gcomhar idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach sa réimse sin.

*Ar chlé: Grafaic faisnéise ó ECDC ar antaibheathaigh líne deiridh*

Zika virus is transmitted to people through the bite of an infected *Aedes* mosquito. But there are other, although rare, modes of transmission.


Local transmission could occur in continental Europe during the summer in areas where the tiger mosquito (*Aedes albopictus*) is present – if the Zika virus is imported by travellers.



Mosquito-borne transmission

The mosquito gets infected by biting a person who has the Zika virus in his or her blood. Over the next several days, the mosquito can become infectious and transmit the Zika virus to healthy people by biting them.

Zika virus  
Blood vessel



# Clár EVD: galair atá ag teacht chun cinn agus galair veicteoir-iompartha

De réir mar a scaipeadh ráig víreas Zika, mhéadaigh an bhéim a bhí á leagan i dtaighde eipidéimeolaíochta ar ghalair mhuiscít-iompartha. Ar na gníomhaíochtaí freagartha ar tugadh fúthu rinneadh measúnuithe riosca agus bunaíodh ranguithe tíre le haghaidh comhairle taistil. Áiríodh na nithe seo le gnéithe eile den obair ar víreas Zika: tugadh sainmhínte cáis, cuireadh pleananna ullmhachta le chéile agus rinneadh athbhreithniú litríochta ar bhearta rialaithe veicteoirí le haghaidh *Aedes aegypti* agus *Aedes albopictus*.

Réimse eile taighde ba ea fiabhras na Níle Thiar. Chuir ECDC tús le hobair ar uirlis samhaltaithe ar straitéisí rialaithe veicteoirí le haghaidh fhiabhras na Níle Thiar san Eoraip. Cuireadh feabhas breise ar an bhfaireachas ar fhiabhras na Níle Thiar ach sonraí fíor-ama agus léarscáileanna a chur le hAtlas Faireachais ECDC maidir le Galair Thógálacha, rud atá ar fáil ar líne.

Leathnaíodh léarscáileanna Gréasánbhunaithe dáileacháin ECDC le haghaidh muiscítí, sceartán agus míoltóga gainimh. Áirítear leo anois gach tír atá lonnaithe timpeall Imchuach na Meánmhara.

Thug saineolaithe galair ECDC an sainmhíniú cáis ar néarabhorralóis Lyme chun críche agus chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh é. Chomh maith leis sin, rinne siad athbhreithniú ar roinnt roghanna le haghaidh faireachas ar bhorralóis Lyme a chomhchuihbhiú de réir a chéile san Aontas Eorpach agus shainaithin siad bearnaí sna córais reatha.

I mí na Bealtaine 2016, cuireadh líonra nua saotharlann in ionad an Líonra Eorpaigh um Dhiagnóisiú Galar Víreasach Iompórtáilte a bhí ann roimhe. Is é seo mana ar líne an líonra nua: ‘Tá EVD LabNet ina líonra saotharlann Eorpach um ghalair víreasacha atá ag teacht chun cinn’. Faigheann an líonra cistiú ó ECDC agus tugann sé tacaíocht le haghaidh galair veicteoir-iompartha atá ag teacht chun cinn a bhrath agus a dheimhniú go luath.

Oibríonn EVD LabNet i ndlúthchomhar le tionscnaimh chosúla de chuid an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú nach mbeidh aon fhorluí ann ina gcuid oibre. Ba ar dhiagnóisic víreas Zika go príomha a dhírigh an líonra sa bhliain 2016.

Ar chlé: Tarchur víreas Zika, grafaic faisnéise ó ECDC

## Listeria monocytogenes in food in the EU in 2015

**3.9%**  
of ready-to-eat  
fish products were  
*L. monocytogenes* positive



**2.5%**  
of ready-to-eat  
meat products were  
*L. monocytogenes* positive



**1.1%**  
of cheese were  
*L. monocytogenes*  
positive



Source: European Union summary report on trends and sources of zoonoses, zoonotic agents and food-borne outbreaks in 2015, published by EFSA and ECDC in 2016.



# Clár FWD: galair bhia-iompartha agus uisce- iompartha agus zónóisí

Is eol go bhfuil sé doiligh ráigeanna galar bia-iompartha agus uisce-iompartha a rianú. Nuair a méadaíodh ábhair inní sa phobal sláinte poiblí de dheasca ráig mhór *Salmonella* a bhuail roinnt tíortha, chabhraigh saineolaithe ECDC ar ghalair bhia-iompartha le comhar AE a thionscnamh chun an chúis leis an ráig a dhéanamh amach.

Bhain na saineolaithe sna Ballstáit agus in ECDC úsáid as dhá mhodh chomhlántacha go luath sa ráig chun an tréithchineál *Salmonella* a bhí i gceist a rianú. Ba iad seicheamhú géanóim iomláin agus MLVA an dá mhodh sin. Is é atá i gceist le MLVA, nó anailís athfhillteach il-lócais athsheicheamh sraithe d'uimhreacha athraitheacha, ná teicníc le haghaidh méarlorg DNA a ghiniúint. Baintear úsáid as an modh sin chun anailís ghéiniteach a dhéanamh ar mhicrorgánaigh áirithe. Baintear úsáid as seicheamhú géanóim iomláin chun mapáil a dhéanamh ag an aon am amháin ar sheicheamh iomlán DNA de chuid géanóm orgánaigh.


Le linn ráig *Salmonella*, thaispeáin ECDC gurb é an toradh atá ar mhodhanna traidisiúnta brathadóireachta comharthaí a chomhcheangal le cur chuige géiniteach ná go gcuirtear feabhas suntasach ar an dóigh a ndéantar ráigeanna galar bia-iompartha agus uisce-iompartha a bhrath agus a imscrúdú.

Cabhraíonn EPIS-FWD le braislí tíópála móilíní iltíre/ ilnáisiúnta agus ráigeanna galar bia-iompartha agus uisce-iompartha a bhrath agus a mheasúnú go luath. Is brainne den Chóras Faisnéise Eipidéime é EPIS-FWD. Dhéileáil an Córas le 47 gCeist Phráinneacha sa bhliain 2016. Tríd an

Ar chlé: *Lysteria monocytogenes* i mbia, grafaic faisnéise ó ECDC

ardán, nasctar eipidéimeolaithe agus micribhitheolaithe ó 52 thír ar fud an domhain faoi láthair.

Tá baint mhór ag ECDC le tionscadal ELITE fós. Leanann an tionscadal le bheith ceannródaíoch sa tuiscint atá ann ar eipidéimeolaíocht mhóilíneach na listéaróise a mhéadú.



Thuas: Léirítear leis na crainn a bhfuil réise bheag acu na gaolta géiniteacha idir aonaráin (saothráin mhicrorgánach a aonraítear le haghaidh staidéar a dhéanamh orthu).


- Léirítear le méid an chiorcail an líon aonarán a bhfuil próifíl ghéanómaíoch chosúil acu.
- Léirítear ráig thrasteorann le ciorcail ar a bhfuil fáinne.
- Léirítear i bhfad agus tiús na línte an líon difríochtaí idir dhá phróifíl ghéanómaíocha.
- Sanntar dathanna go randamach chun bunús na n-aonarán a léiriú. Sa sampla a d'ullmhaíomar, úsáidtear corcra chun 'Tír 3' a léiriú.

# HIV and AIDS in Europe



HIV infection remains of major public health importance in the European Union and European Economic Area (EU/EEA) as the HIV epidemic persists largely unchanged with annually around 30 000 newly reported diagnoses.

ECDC estimates that 810 000 people are currently living with HIV in the EU/EEA – of which 122 000 (15%) do not know they are infected.



## Test & protect!

Early diagnosis helps to prevent further transmission and lowers the risk of severe health complications.

Find an HIV test centre: [bit.ly/EuropeanTestFinder](http://bit.ly/EuropeanTestFinder)

Follow us on twitter: @ECDC\_HIVAIDS

# Clár HSH: VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus heipitíteas víreasach

I mí an Mhárta 2016, tháinig na líonraí le haghaidh víreas easpa imdhíonachta daonna (VEID) agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha le chéile sa Bhrataisláiv chun freastal ar chomhchruinniú le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip, ar lena linn a phléigh siad faireachas níos fearr ar ghalair agus deachleachtais san Eoraip.

Chuir ECDC a uirlis samhaltaithe nua VEID i láthair. Leis an uirlis sin, baintear leas as sonraí faireachais ar VEID chun meastachán a dhéanamh ar roinnt paraiméadar, lena n-áirítear: an líon daoine a bhfuil VEID orthu, an líon ionfhabhtuithe nua a bhíonn ann gach bliain, an meán-am a théann thart idir ionfhabhtú agus diagnóisiú, agus an líon daoine a bhfuil cóireáil ag teastáil uathu. I bpáipéar atá bunaithe ar shonraí ó gach tír den Aontas Eorpach, mheas ECDC gurb ionann agus 810 000 duine an líon daoine a bhfuil VEID orthu. Mheas sé freisin nach eol do dhuine amháin as gach seachtar go bhfuil siad VEID-deimhneach.

Leanann ECDC le comhordú a dhéanamh ar an bhfaireachas ar VEID, ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha agus ionfhabhtuithe heipitítis víreasaigh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Rinneadh an tuarascáil bhliantúil chuimsitheach HIV/AIDS surveillance in Europe (Faireachas ar VEID/SEIF san Eoraip) a fhoilsiú don Lá Domhanda SEIF an 1 Nollaig. Ullmhaíodh an tuarascáil i gcomhpháirt le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip.

Bítear ag méadú ar fhrithsheasmhacht gónaireatha in aghaidh antaibheathach. Deimhníodh an treocht sin i dtuarascáil faireachais fairtheora a rinne ECDC ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach gonococasach.

D'fhoilsigh ECDC dhá thuarascáil bhliantúla faireachais ar heipitíteas B agus heipitíteas C. Sa bhliain 2016,

díríodh sa chuid is mó den obair ar heipitíteas ar fhiosrú a dhéanamh ar fhoinsí malartacha sonraí ar féidir leo cur síos ar ualach an ghalair heipitítis, e.g. trí phrótacal a bhunú ar shéirealeitheadúlacht heipitíteas C san Eoraip.

Tionóladh grúpa saineolaithe chun plé a dhéanamh ar na roghanna le haghaidh faireachas ar fhrithsheasmhacht VEID in aghaidh drugaí. Eiseofar an chéad togra sa bhliain 2017.

Chuir saineolaithe ECDC le staidéar ar na tosca atá taobh thiar d'ionfhabhtuithe i measc oibrithne gnéis. Foilsíodh an staidéar in *The Lancet HIV*. Cuireadh i láthair ann fianaise ar an drochthionchar a fhéadann coiriúlú agus reachtaíocht shriantach a imirt ar rialú tarchurtha VEID i measc oibrithne gnéis.

Lean ECDC ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme *Dhearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le VEID/SEIF a chomhrac san Eoraip agus san Áise Láir*. Rinneadh an Dearbhú sa bhliain 2004. I gcomhthéacs na hoibre sin, d'fhoilsigh an Lárionad tuarascáil agus Achoimre Fianaise ar phróifíolacsas réamhnochna le haghaidh VEID a chosc san Eoraip.

Mar fhreagairt d'iarrataí ar thacaíocht theicniúil, d'eagraigh ECDC misin tíre chun na Cróite, chun na Bulgáire agus go Málta.

D'oibrigh ECDC i gcomhar leis an gCumann Eorpach um Staidéar ar an Ae (EASL) agus leis an Aontas Idirnáisiúnta in aghaidh Ionfhabhtuithe Gnéas-tarchurtha (USTI) ar dhá mheabhrán tuisceana a chomhaontú. Leis na meabhráin tuisceana sin, beifear in ann tabhairt faoi thionscadail chomhpháirteacha sa todhcháil.


*Ar chlé: VEID/SEIF, grafaic faisnéise ó ECDC*

# Influenza in Europe

## Season 2015–2016

### Circulating viruses


Only sentinel specimens are included



### Influenza intensity reported during the season

- High or very high intensity for 5 weeks or more
- High or very high intensity for 1 to 4 weeks
- Only low and medium intensity reported
- Only low intensity reported

- Cyprus
- Luxemburg
- Malta



### Influenza trend

Lab test results from sentinel specimens, by week





# Clár IRV: fliú agus víris eile riospráide

Lean ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip lena gcomhfhaireachas ar fhliú. Ceann den líon mór gníomhaíochtaí atá á ndéanamh sa réimse sin is ea feasachán seachtainiúil fliú don Eoraip a fhoilsiú le linn shéasúr an fhliú ([www.flunews-europe.org](http://www.flunews-europe.org)).

D'eisigh an Lárionad tuarascáil ar rátaí clúdaigh agus moltaí vacsaínithe le haghaidh fliú séasúrach sna Ballstáit den Aontas Eorpach. Bhí an tuarascáil bunaithe ar shuirbhéanna a ndearna líonra VENICE iad.

Áirítear na nithe seo leis na gníomhaíochtaí eile ar tugadh fóthu: rinneadh obair theicniúil ar an bhfaireachas ar víris shincétiacha riospráide; measadh ualach an ghalair atá inchurtha i leith fliú; rinneadh measúnú déine ar fhliú paindéimeach; agus tugadh tacaíocht do phróiseas EDS um thréithchineálacha a roghnú le haghaidh vacsaíní.

Is trí fheidhm faisnéise eipidéime ECDC a dhéantar faireachán ar víris fliú zónóisigh agus ar víris eile riospráide atá ag teacht chun cinn. Déanann ECDC measúnú rialta ar an riosca a ghabhann leis na víris sin, go háirithe nuair a thuairiscítear cásanna neamhghnácha a bhaineann leis an duine nó cinn nach rabhthas ag súil leo. Rinne ECDC sé mheasúnú riosca ar víris riospráide sa bhliain 2016, e.g. fliú séasúrach, fliú éanúil ardphataigineach A(H5N8) agus eintrívreas.

D'eagraigh ECDC ceardlann theicniúil ar conas an ráta vacsaínithe in aghaidh fliú a mhéadú i measc oibrithe cúram sláinte. Sheol an Lárionad modúl ríomhfhoghlama

ar an topaic sin a bhí dírithe go príomha ar chleachtóirí agus bainisteoirí sláinte poiblí. Chomh maith leis sin, d'eisigh sé ábhair eile amhail fógraí, póstaer agus bróisiúir d'oibrithe cúram sláinte.

Leanadh ar aghaidh le cistiú a chur ar fáil do I-MOVE (Fliú – Faireachán ar Éifeachtacht Vacsaíní), ar líonra seachtrach é. Soláthraíonn I-MOVE meastacháin ar éifeachtacht vacsaíní in aghaidh fliú séasúrach. Sa bhliain 2016, chistigh ECDC roinnt staidéar iltíre ar éifeachtacht na vacsaíní a úsáidtear san Eoraip in aghaidh fliú séasúrach.

Chuir sé tús le comhairliúchán poiblí freisin chun saintuairimí a fháil ar na tairbhí a bhaineann le coscairí néaraimíníodáise a úsáid chun fliú a chosc agus a chóireáil. Cuirfear an t-aiseolas sin ar áireamh i saintuairim fhianaisebhunaithe atá sceidealta dá foilsiú i mí an Mheithimh 2017.

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don Líonra Eorpach Faireachais um an bhFliú (EISN) agus don Líonra Eorpach Saotharlann Tagartha um Fhliú an Duine (ERLI-Net).

Tugadh cuairt tíre ar an Íoslainn i mí na Samhna chun athbhreithniú a dhéanamh ar phlean nuashonraithe na tíre maidir le hullmhacht do phaindéimí.

*Ar chlé: Forbhreathnú ar an bhfliú séasúrach, grafaic faisnéise ó ECDC*



# Clár TB: eitinn

Mórchúis le galracht agus le mortlaíocht san Eoraip is ea eitinn. Bíonn ualach an ghalair dáilte go míchothrom ar fud an phobail, agus é ag brath ar inscne agus ar stádas sóisialta agus eacnamaíoch.

Chun béim a leagan ar an teachtaireacht sin, d'fhoilsigh ECDC treoir dhoiciméad nuafhorbartha ar rialú eitinne i bpobail leochaileacha a mbíonn sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. Thug sé faisnéis beartais ar an topaic freisin. Foilsíodh trí chás-staidéar mar shamplaí de na hidirghabhálacha is féidir a dhéanamh chun eitinn a bhainistiú i ngrúpaí leochaileacha. Bhí na cás-staidéir sin mar fhianaise eile ar an mbéim leanúnach a chuireann ECDC ar dheireadh a chur le heitinn san Eoraip.


An tuarascáil bhliantúil ar *Fhaireachas agus faireachán ar eitinn san Eoraip* a n-ullmhaíonn ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip í, cuireadh i láthair í ar an Lá Domhanda in aghaidh na hEitinne an 24 Márta.

Sa bhliain 2016, chuir saineolaithe eitinne ECDC an chéad tuarascáil ar an bhfaireachas móilíneach ar eitinn atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí i láthair. Ina theannta sin, d'ullmhaigh siad lámhleabhar do shaotharlanna san Aontas Eorpach atá ag plé le heitinn a dhiagnóisiú.

Leanadh ar aghaidh le cuairteanna malartaithe a thabhairt ar chúig thír ardtosaíochta de chuid EDS agus le hobair oiliúna a dhéanamh iontu. Ba iad na tíortha sin: an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Rómáin.

*Tá na grianghraif uile tógtha ó chás-staidéir ECDC ar idirghabhálacha chun eitinn a bhainistiú i ngrúpaí leochaileacha.  
Barr: Oibrí sláinte pobail agus othar eitinne gan dídean, Páras  
Bun ar chlé: 'Ná caill an bus seo ar an mbóthar i dtreo na dea-shláinte'  
– Veain cúram eitinne i Londain  
Bun ar dheis: Othar eitinne i bpobal Romach, an tSlóvaic*


Foilsíodh aon fhoilseachán eolaíoch déag ó eipidéimeolaithe ECDC in irisleabhair eolaíochta. Foilseacháin phiarmheasúnaithe a bhí iontu sin. I measc na dtopaicí a pléadh iontu bhí anailís ar shonraí faireachais ar eitinn, measúnuithe cáilíochta seachtracha ar eitinn agus frithsheasmhacht in aghaidh drugaí san Aontas Eorpach, agus na torthaí ó roinnt tionscadal de chuid ECDC.



Déanann ECDC an tuarascáil bhliantúil ar eitinn uaidh a fhoilsiú i gcomhar le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip

# Measles affects all age groups

Measles is an acute, highly contagious disease capable of creating epidemics. It can be contracted at any age. **Infants and children** are often believed to be the only age groups affected by measles, but the disease also spreads among **teenagers and adults**. Vaccination is the best way to protect yourself and others against measles, regardless of age.



## SURVEILLANCE REPORT

### Measles and rubella monitoring

July 2016

Disease surveillance data: 1 July 2015 – 30 June 2016

### Main developments

The ECDC measles and rubella monitoring report is published twice a year. The January issue reports on the previous calendar year, while the summer issue (July) focuses on the most recent measles and rubella season and presents the data collected over the past 12 months. Visualised measles and rubella data are available online through the [measles](#) [1] and [rubella](#) [2] pages of the ECDC Surveillance Atlas (updated monthly). In addition, ECDC produces monthly high-resolution measles [maps](#) [3].

#### Measles

- Between 1 July 2015 and 30 June 2016, 1 818 cases of measles were reported by 30 EU/EEA countries. Twenty-six countries reported consistently throughout this 12-month period.
- Italy accounted for 31% of all cases reported during this period.
- Measles is targeted for elimination in Europe. The measles notification rate was below the elimination target (one case per million population) in 19 of the 30 reporting countries. Eight of these 19 countries reported zero cases. Eleven reporting countries had a notification rate above this indicator, with Lithuania reporting the highest rate (16.8 cases per million population).
- The diagnosis of measles was confirmed by positive laboratory results (serology, virus detection or isolation) in 94% of all cases.



# Clár VPD: galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú

D'fhoilsigh ECDC dhá threoirghoiciméad le linn na Seachtaine Imdhíonta Eorpaí 2016, ba iad sin: leagan nuashonraithe den doiciméad 'Labhraímis faoi chosaint' (maidir le himdhíonadh leanaí) agus an doiciméad 'Labhraímis faoi dhrogall' (maidir leis an drogall atá ar dhaoine vacsaíniú a fháil). Tá na doiciméid sin curtha in oiriúint ag seacht dtír cheana féin dá n-úsáid náisiúnta. Táirgeadh leaganacha logánta díobh san Ostair, san Iodáil agus sa Ghréig freisin.

Mar gheall ar an laghdú suntasach a tháinig ar rátaí vacsaínithe in aghaidh papalómaivíreas daonna (HPV) i roinnt Ballstát, spreagadh ECDC tús a chur le hobair ar na tosca taobh thiar den drogall vacsaíniú in aghaidh HPV a fháil agus le déileáil le hábhair imní sábháilteachta. Mar chéad chéim den obair sin, thosaigh ECDC agus an Bord Idirnáisiúnta um Papalómaivíreas Daonna a Chosc agus a Rialú ag déanamh faireachán sna meáin shóisialta ar an drogall atá ann vacsaíniú in aghaidh HPV a fháil.

Reáchtáil ECDC ceardlann ar 'An chothromaíocht cheart a fháil i vacsaíniú ar feadh an tsaoil' agus chuir sé tús le tionscadal ar an ualach braite a leagann galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú ar na haoisghrúpaí is sine. Bailítear sa tionscadal sin sonraí faoin ualach a leagann galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú ar dhaoine fásta, agus é mar aidhm leis faisnéis a thabhairt don lucht déanta beartas faoi bhealaí ina bhféadfaí cláir vacsaínithe a fheabhsú agus faoi cé acu ba cheart nó nár cheart straitéis imdhíonta ar feadh an tsaoil a thabhairt isteach chun cosaint níos fearr a thabhairt san Eoraip.

Rinne ECDC uasghrádú ar na córais faireachais fairtheora le haghaidh treacha agus galar níumacocúil ionrach

*Barr: Téann brúitíneach i bhfeidhm ar gach aoisghrúpa, grafaic faisnéise ó ECDC  
Bun ar chlé: An t-eagrán 2016 den doiciméad Labhraímis faoi chosaint  
Bun ar dheis: Tuarascáil faireacháin ar bhruitíneach agus ar bhruitíneach dhearg ó ECDC*

(IPD) sa bhliain 2016. Is trí líonraí ospidéalbhunaithe a dhéantar an faireachas sin, áit a n-oibríonn saineolaithe saotharlainne, eipidéimeolaithe agus cliniceoirí le chéile chun cásanna treacha agus IPD a bhrath agus a dhiagnóisiú go tapa. Is é an sprioc atá leis an obair sin ar fad súil a choinneáil ar éifeachtacht na vacsaínithe agus faireachán a dhéanamh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach agus ar athsholáthar séiritíopaí.

Rinne ECDC imscrúdú ar an easpa vacsaíní in aghaidh treacha a bhí ar fáil agus d'fhoilsigh sé na torthaí ar an imscrúdú sin i Mearmheasúnú Riosca.

Mar gheall ar an méadú a tháinig ar an líon cásanna diftéire san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (70 cás sa bhliain 2015 i gcomparáid le 14 cinn sa bhliain 2010), spreagadh ECDC Mearmheasúnú Riosca a dhéanamh ar chás sa Bheilg ina bhfuair duine bás de dheasca diftéire. Spreagadh é freisin measúnú a dhéanamh ar an bhfáil ar antatocsain diftéire san Eoraip.

D'fhorbair ECDC plean gníomhaíochta chun gníomhaíochtaí díothaithe póilió a threorú agus chun tacú leis an Eoraip a bheith saor ón ngalar. Is ar ghnéithe srianta a dhírítear sa phlean gníomhaíochta (e.g. sainaitheint a dhéanamh ar shaoráidí atá riachtanach do pholaivíreas, agus na samplaí uile de víris phóilió chineál 2 atá stóráilte i saotharlanna a scríosadh).

Bhí an *Sceidealóir Vacsaínithe AE* fós ar cheann de na gnéithe is mó cuairt ar thairseach Gréasáin ECDC. Tugadh 234 000 cuairt air sa bhliain 2016 (54 000 cuairteoir uathúil).



Barr ar chlé: 'Buaitheoir an Ghradaim Shláinte Eorpaigh is ea...' Andrea Ammon, Stiúrthóir ECDC, agus Giovanni Mancarella, saineolaí cumarsáide, ag an bhFóram Sláinte Eorpach in Gastein, an Ostair.  
 Barr láir: Teastas bronnta, an Gradam Sláinte Eorpach 2016  
 Barr ar dheis: Ar fáil i bhformáid pháipéir freisin atá: tuarascálacha ó ECDC  
 Lár ar dheis: Comhaltaí an Chláir Eorpaigh um Oilüint san Eipidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET), Spetses, an Ghréig  
 Bun: Díospóireacht phainéil, an Lá Feasachta Eorpach maidir le hÚsáid Antaibheathach 2016

# Cumarsáid agus oiliúint: nuacht a scaipeadh agus eolas a chomhroinnt

Rinneadh comhtháthú na cumarsáide riosca agus na planála ullmhachta náisiúnta a leagan amach go foirmiúil i straitéis cumarsáide nua ECDC. Úsáidfean an straitéis nua mar bhonn d'obair cumarsáide ECDC sna blianta atá romhainn.

D'fhoilsigh ECDC 158 dtuarascáil san iomlán sa bhliain 2016, lenar áiríodh 38 Mearmheasúnú Riosca agus 69 dtuarascáil faireachais.

Tháinig borradh suntasach faoi láithreach an Lárionaid sna meáin shóisialta sa bhliain 2016. Ceann de na cúiseanna leis sin ba ea an spéis láidir a bhí ann sa chumarsáid ón Lárionaid maidir le víreas Zika.

Bhain an t-irisleabhar *Eurosurveillance* 20 bliain amach sa bhliain 2016 agus eagraíodh seimineár eolaíoch chun é sin a chomóradh. Fuair an t-irisleabhar 864 aighneacht sa bhliain 2016. Glacadh le thart ar 20% díobh sin, agus 234 mhír á bhfoilsíú. Mhéadaigh fachtóir tionchair an irisleabhair go 5.98 sa bhliain 2016, rud a fhágann go bhfuil *Eurosurveillance* i measc na ndeich n-irisleabhar is airde fachtóir tionchair do ghalair thógálacha anois.

Clár comhpháirtíochta an Chláir Eorpaigh um Oiliúint san Epidéimeolaíocht Idirghabhála (EPIET) is ea an Clár Eorpach um Oiliúint sa Mhicribhitheolaíocht don tSláinte Phoiblí (EUPHEM). Rinneadh an dá chlár a chomhtháthú isteach i rud ar a dtugtar Clár Comhaltachta ECDC le linn na bliana. Leanfar ar aghaidh le dhá chonair ar leith a thairiscint sa Chlár

Comhaltachta (an epidéimeolaíocht, agus an tsláinte poiblí agus an mhicribhitheolaíocht don tsláinte poiblí). Is ag an dá chonair a bheidh comhchreat lóistíochta agus eagrúcháin.

I gcuraclam dhá bhliain an Chláir, cuirtear béim shoiléir ar shannacháin a chur isteach in institiúidí sláinte poiblí na hEorpa mar a bhfuil na comhaltaí tumtha go hiomlán in obair laethúil na sláinte poiblí.

Earcaíodh cohórt 28 gcomhalta agus chuir 36 chomhalta an Clár i gcrích go rathúil sa bhliain 2016. Bhí 76 chomhalta rollaithe sa Chlár ag deireadh na bliana (figiúr a chuimsigh na cohóirt a tugadh isteach sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016 araon). Tugadh cuairt ar 29 láthair oiliúna, réachtáladh bunchúrsa agus teagascadh seacht modúl oiliúna mar chuid den Chlár. Ghlac na comhaltaí uile páirt in imscrúduithe allamuigh.


I mí an Mhárta 2016, shínigh ECDC comhaontú comhair le Cumann na Scoileanna Sláinte Poiblí sa Réigiún Eorpach (ASPHER). Déanann ASPHER ionadaíocht do níos mó ná 100 scoil sláinte poiblí san Eoraip.

Tugadh faoi shuirbhé i measc scoileanna ASPHER le linn na bliana, rud inar iniúchadh réimsí comhleasa sa réimse um ghalair theagmhálacha. Mar thoradh ar an obair sin, mapálfar na curaclaim den chéad uair riamh sa bhliain 2017 agus cruthófar líonra méadaithe scoileanna a rachaidh i mbun roinnt comhghníomhaíochtaí amhail malairt foirne agus forbairt inniúlachta.






Rate per 100 000 population



EU/EEA rate 5.9 per 100 000\*

Non-visible countries  
Liechtenstein  
Luxembourg  
Malta



# Súil ghéar á coinneáil: faireachas ar ghalair

## Faisnéis eipidéime agus freagairt d'eipidéimí:

Tá faireachas agus faireachán ar ghalair ina ngné lárnach de shainordú ECDC ón uair a bunaíodh é. Féachann an Lárionad ar faireachas ar ghalair mar shaincheist chomhthéacsúil, agus ní mar dhisciplín ar leith. Is é sin le rá, ní bheidh an Lárionad in ann a lánacmhainn a bhaint amach ná tionchar ceannasach a imirt ar chosaint na sláinte poiblí san Eoraip ach amháin i gcás go ndéanfaidh sé faireachas ar ghalair i gcomhar leis na feidhmeanna eile sláinte poiblí atá aige i réimsí amhail comhairle eolaíoch, ullmhacht, freagairt, oiliúint agus cumarsáid sláinte.

Tá an líon Mearmheasúnuithe Riosca a rinneadh sa bhliain 2016 mar fhianaise ar an gcumas atá ag ECDC freagairt go tapa do bhagairtí eipidéimeolaíochta. Chuir ECDC faisnéis luachmhar chúlra agus anailísí beachta ar bhagairtí ar fáil sna 38 Mearmheasúnú

Riosca a foilsíodh. D'fhoilsigh ECDC 45 *Thuairisc Nuashonraithe Eipidéimeolaíochta* ar a shuíomh Gréasáin freisin. Ba le víreas Zika a bhain 39 gcinn díobh.


Thosaigh ECDC ag athbhreithniú na modhanna agus na nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh Mearmheasúnuithe Riosca a dhéanamh, agus é mar aidhm aige cur le comhsheasmhacht na modhanna agus a chinntiú go mbíonn ról ag na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta iontu.

Rinneadh ranguithe tíre maidir le víreas Zika a athbhreithniú agus a nuashonrú i gcomhar le EDS agus leis na Lárionaid um Ghalair a Chosc agus a Rialú sna Stáit Aontaithe. Úsáideadh na torthaí ar an obair sin chun léarscáileanna riosca a ullmhú agus chun comhairle taistil a sholáthar.

*Barr ar chlé: Víreas Zika, samhail a cruthaíodh le printéir ábhar tríthoiseach  
Barr láir: Téann Josep Jansa agus Ettore Severi, eolaithe de chuid ECDC, i bpáirt le foireann de chuid an Chóir Liachta Eorpaigh do mhisean in Angóla  
Barr ar dheis: Léarscáil ar a léirítear leitheadúlacht VEID  
Lár ar chlé: Grianghraf foirne ECDC  
Bun: Díospóireacht le linn cruinniú comhchéime laethúil de chuid ECDC*



## Buiséad ECDC don bhliain 2016



Croíbhuiséad iomlán: EUR 58.36 milliún

*An 23 Bealtaine 2016, cheadaigh Coiste an Aontais Eorpaigh um Buiséid cistiú le haghaidh cheanncheathrú nua ECDC.*

*Tar éis dó níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ann, imeoidh ECDC óna sheanáitreabh agus bogfaidh sé go comharsanacht Frösunda, atá suite 2.5 km ó thuaidh óna láthair reatha agus 5 km ó thuaidh ó chroílár Stócólm.*


*Tosaíodh ag ullmhú don bhogadh ag deireadh na bliana 2016 agus tá sé beartaithe an chuid is mó den phleanáil a dhéanamh sa bhliain 2017. Bogfaidh sé chuig an áitreabh nua in earrach na bliana 2018.*

*Ba sa bhliain 1888 a tógadh Tomtebodaskolan, an t-áitreabh reatha. Foirgneamh scoile a bhí ann roimhe sin, a athchóiríodh chun feidmiú mar cheanncheathrú do ECDC. Fágfar an foirgneamh go luath sa bhliain 2018.*



# ECDC de réir na bhfigiúirí

## Comhdhéanamh fhoireann ECDC de réir tír náisiúntachta



Bhí 260 duine san iomlán fostaithe ag ECDC amhail an 31 Nollaig 2016. Sa ghráf thíos, seasann méid an chiorcail don líon ball foirne a bhí ag ECDC ó gach tír ar leith.



**An Lárionad Eorpach um Ghalair  
a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

Seoladh poist:

Granits väg 8, SE-171 65 Solna, an tSualainn

Seoladh as baile:

Tomtebodavägen 11a, SE-171 65 Solna, an tSualainn

Teil. +46 858601000

Facs +46 858601001

<http://www.ecdc.europa.eu>

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh

<http://www.europa.eu>

